



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Coláiste na hEolaíochta Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Scoil Aonad:	Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair (más ábhartha)	Oifigeach Teicniúil– Eolaíocht Barr & Gairneoireacht
Tréimhse an Phoist:	Post Sealadach (3 bliana) nó Buan (painéal seal./buan 12 mhí T/Canna faoi iamh)
Grád:	Oifigeach Teicniúil
Bainisteoir Líne	Ceann Scoile nó ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais	018547
Riarthóir Acmhainní Daonna	Qiong Zhang

Achoimre ar an bPost:

Is mian le Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia UCD Oifigeach Teicniúil (Eolaíocht Barr & Gairneoireacht) a earcú. Beidh freagracht shonrach ar shealbhóir an phoist Saotharlanna Eolaíochta Barra agus Gairneoireachta a reáchtáil chun tacú le taighde agus teagasc araon. Bíonn neart taighde á dhéanamh ag an Scoil; géineolaíocht barr, feabhsú barr, agranamaíocht barr, galair barr agus cothú barr chomh maith le staidéar ar idirghníomhaíochtaí ithreach/fréamhacha ina measc. Tacóidh an té a cheapfar le riachtanais teagaisc agus taispeántais Eolaíocht Barr agus Gairneoireachta do mhic léinn fochéime agus iarchéime freisin. Beidh sé/sí ina bhall de dhá Roinn (Eolaíochtaí Ainmhithe & Barra, Bainistíocht Chomhshaoil & Acmhainní Inbhuanaithe) sa Scoil agus tacóidh sé/sí freisin le riachtanais daoine eile sa Scoil atá ag obair i ndisciplíní eolaíochta plandaí. Tá príomhshaotharlann don Eolaíocht Barra agus Gairneoireacht agus Stáisiún Gairneoireachta Rosemount suite ar champas Belfield, ach beifear ag súil go ndéanfaidh an ceapachán roinnt dualgas ag Feirm Liamhna UCD, Cill Droichid,, Co.Chill Dara freisin.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Scileanna Teicniúla:

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc araon
- Coinnigh cothrom le dáta le forbairtí teicniúla agus téigh in oiriúint ar theicneolaíochtaí nua
- Tacaíocht theicniúil ard-oilte a sholáthar i saotharlann, i dtithe gloine agus i réimse na hoibre i dtaighde agus i múineadh eolaíochta barr agus gairneoireachta.
- Modhanna a léiriú i ranganna a theagaisc agus teagasc a thabhairt do mhic léinn fochéime, do mhic léinn iarchéime agus do thaighdeoirí maidir le húsáid teicnící saotharlainne laethúla agus ardleibhéil a bhaineann le heolaíocht barr agus gairneoireacht.

Sláinte agus Sábháilteacht:

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn
- Cinntigh go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh chosanta agus éadaí mar chuid den ghnáthamh ó lá go lá
- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú

Bainistíocht agus Pleanáil:

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála
- Bainistíocht laethúil a dhéanamh ar shaotharlanna na hEolaíochta Barra agus na Gairneoireachta, lena n-áirítear ceannach tomhaltáin saotharlainne, eagrú pearsanra agus tríchur samplaí, bainistíocht agus cothabháil trealaimh agus áiseanna.

Scileanna Idirphearsanta:

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe
- Éist le daoine eile agus pléigh leo go hógair agus go foighneach.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne

Riachtanais Seirbhíse

- Cur chuige seirbhíse gairmiúla a léiriú i leith gach gné den obair

Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht

- Réimsí nuálaíochta a shainaithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme
- Luach a chur ar smaointe nua agus ionchur ó dhaoine eile
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a choigeartú de réir mar is cuí

Gnéithe a bhaineann go sonrach leis an bpost seo:

Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. I measc na samplaí tá Sonraí faoi uaireanta socraithe, buaicthréimhsí, gnás feistis nó coinníollacha a bhaineann le postroinnt etc.

Tuarastal:95 Technical Officer_2013 (7915) €46,793 - €61,319 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilityto Compete/>

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Céim Onóracha (do dhaoine aonair a bhain céim amach in UCD tar éis mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (do dhaoine aonair a bhain céim amach in UCD roimh mhí na Samhna 2006) in eolaíochtaí bithleighis nó ainmhithe nó i ndisciplín gaolmhar
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, idir scileanna béil agus scríofa
- Cumas oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas oibriú go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne
- Scileanna pleanála agus eagraíochta den scoth lena n-áirítear cumas léirithe oibriú go cruinn agus aird á tabhairt ar mhionsonraí
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta toisc go mbaineann sí le hobair shaotharlainne
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag teacht chun cinn
- Taithí le micreascópacht, ullmhú meán agus saothrú ceall nó le réimse gaolmhar
- Caithfidh iarrthóirí feachtas ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú
- Bheith cumasach áiseanna nua-aimseartha an tí ghloine agus taighde allamuigh a láimhseáil agus eolas den scoth a bheith aige/aici ar phlandaí a fhás, agus ar chothabháil trealamh agus áiseanna.
- Trí bliana ar a laghad de thaithí ghinearálta saotharlainne a bheith aige/aici, lena n-áirítear taithí shuntasach ar eolaíocht plandaí agus/nó ar theicnící móilíneacha, agus an cumas a bheith aige/aici na nuálaíochtaí is déanaí sna teicnící sin a léirmhíniú agus a ghlacadh.

Inmhianaithe:

- Taithí 3 bliana ar a laghad ag obair i dtimpeallacht saotharlainne nó ceardlainne
- Taithí ag obair i suíomh oideachais lena n-áirítear taithí ar idirghníomhú le gach leibhéal foirne agus mac léinn.
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta
- Taithí aige/aici ábhair a chur le foilseacháin phiarmheasúnaithe.
- Ardinniúlacht ar ríomhairí, lena n-áirítear taithí roimhe seo ar theicnící maidir le hanailís íomhá.
- Taithí múinteoireachta ag an tríú/ceathrú leibhéal.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
An Scoil/Oifig Chláir/Aonad:	Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD - Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	An tOllamh John O'Doherty
Teideal:	Ceannasaí na Rannóige
Seoladh r-phoist:	John.vodoherty@ucd.ie
Fón:	01-7167128